# Garsprioc nua bainte amach i réimse an chomhionannais inscne san Aontas: an bhfuil borradh faoin dul chun cinn?


Deich mbliana ó shin, thug an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) an tInnéacs Comhionannais Inscne isteach mar shlat tomhais do *status quo* an chomhionannais inscne san Aontas. Baineadh an méid céanna de thátal le foilsiú gach eagráin de, a bheag nó a mhór; is é sin go bhfuil dul chun cinn ag snagaireacht leis. Mar sin féin, in eagrán na bliana seo, feicimid an **méadú bliantúil is mó riamh sa scór foriomlán i stair an Innéacs:** tá 70.2 as 100 pointe bainte amach ag an Aontas!

Mar is gnách, tá an-chuid faoi cheilt ag an bhfigiúr sin – níl an-athrú ar an scéal i ndáiríre.

"I gcaitheamh na mblianta, tá dul chun cinn bainte amach ag an Aontas i dtreo an chomhionannais inscne. Is eol dúinn nach leor é sin, áfach, agus go bhfuil an méid atá bainte amach go dtí seo éagobhsaí go leor. Sa lá atá inniu ann, is í an tSualainn amháin – ag a bhfuil scór os cionn 80 pointe san Innéacs bainte amach – atá ag druidim de réir a chéile le comhionannas inscne a bhaint amach. Ní hionann scór na Sualainne agus ach 2 % de dhaonra an Aontais. Beidh cúis ann i gcónaí le tús áite a thabhairt do ghnéithe eile den saol seachas an comhionannas inscne. Ná ligimis dó sin tarlú. Ní mór dúinn gníomhú láithreach bonn. Le chéile – ar an uile leibhéal. Ní mór dúinn ár mbuanna a cheiliúradh leis. Is cuma an scála. Is é sin a chabhróidh linn #3StepsForward a ghlacadh." Carlien Scheele, Stiúrthóir EIGE

## Spléachadh ar 70.2 – ní féidir linn na maidí a ligean le sruth

Tá na tíortha ag a bhfuil na scóir is airde amhail an tSualainn, an Ísiltír agus an Danmhairg fós ar thús cadhnaíochta i gcomhthéacs an Innéacs agus tá le deich mbliana anuas.




Mar sin féin, tá a mbuaic sroicthe acu ó thaobh an dul chun cinn atá bainte amach acu de nó tá siad tar éis titim le fána ó thaobh na bpointí de, mar a fheicimid i gcás na Fionlainne agus na Fraince, mar shampla. Léiríonn sé sin go soiléir nach féidir talamh slán a dhéanamh den mhéid atá bainte amach cheana féin. Ní mór é a dhaingniú agus tacú leis le bearta le go leanfar leis an dul chun cinn amach anseo.

Os a choinne sin, feicimid tíortha amhail an Iodáil, an Phortaingéil, agus Málta a bhfuil feabhsuithe móra bainte amach acu i dtaobh an chomhionannais inscne sa deich mbliana a d'imigh thart in ainneoin go bhfuil a scóir faoi bhun an mheánscóir don Aontas. Mar sin, nuair a chuireann tíortha bearta i bhfeidhm, tagann méadú de réir a chéile ar an mborradh faoin dul chun cinn.

## Mionspléachadh ar an méid atá tar éis athrú

### *Más mall is mithid – tá míchothromaíocht ann fós idir mná agus fir maidir leis an obair chúraim gan phá*


Tá an bhearna idir na hinscní ó thaobh cúraim de ag crapadh. Ach ní toisc go bhfuil fir ag glacadh na freagrachta orthu féin tuilleadh oibre cúraim a dhéanamh é sin. Is lú an méid atá a dhéanamh ag mná.

D’fhéadfadh gnéithe áirithe a bheith taobh thiar den athrú sin, cuir i gcás teicneolaíochtaí cuiditheacha, seirbhísí seachadta baile nó líon méadaithe na mban i bhfostaíocht. Ní féidir leis an teicneolaíocht tacú leis an athrú ach amháin trí chuid de dhualgais chúraim a sheachfhoinsiú, áfach. Beidh gá le hathrú struchtúrach chun bheith in ann an sprioc a bhaint amach ar deireadh – mar a deir Claudia Goldin, Ollamh le hEacnamaíocht agus buaiteoir Dhuais Nobel 2023, “Ní bhainfimid comhionannas inscne amach riamh go dtí go mbeidh cothromas lánúine againn”.

### *Cumhacht a iarraidh – dul chun cinn bainte amach ar bhoird cuideachtaí, ach é in easnamh i bparlaimintí náisiúnta*

Den chéad uair le 10 mbliana anuas, tháinig méadú 33 % ar líon na mban i bparlaimintí agus ar líon na mban ar bhoird.

**Ionadaíocht na mban i bparlaimintí náisiúnta agus ar bhoird cuideachtaí**





Is í an reachtaíocht a réitíonn an bealach le haghaidh an athraithe shuntasaigh. Chuidigh cuótaí dá bhfuil reachtaíocht leagtha síos in ocht mBallstát de chuid an Aontais leis an tsíleáil ghloine a bhriseadh i gcuideachtaí, rud a d’fhág go raibh ní ba mhó ban ar bharr an dréimire agus a thug isteach tuilleadh nuálaíochta, cruthaitheachta agus táirgiúlachta sna seomraí boird. Tá súil againn go mbaileoidh an Treoir maidir le Cothromaíocht Inscne ar Bhoird Chorparáideacha, a glacadh anuraidh, neart agus go mbeidh éifeacht iarmharta aici ar Bhallstáit eile an Aontais.

Tá gá anois le gníomhaíocht níos spriocdhírithe i bparlaimintí náisiúnta chun borradh a chur faoin dul chun cinn sa réimse polaitiúil, go háirithe agus toghcháin Pharlaimint na hEorpa ar na bacáin do 2024.

### *Obair Fós Le Déanamh – níl ionga ná orlach géillte i réimse na deighilte inscne sa mhargadh saothair*

Tá dul chun cinn bainte amach i réimse na hoibre, go háirithe ó thaobh deiseanna solúbtha oibre de. Is díol suntais é, áfach, go bhfuil an margadh saothair fós chomh deighilte ó thaobh inscne de sa lá atá inniu ann agus a bhí sé 10 mbliana ó shin.

**Níor cuireadh i gcoinne an leithscartha inscne de bharr méaduithe ar líon na mban i bhfostaíocht**




Líon na ndaoine atá fostaithe i réimsí an oideachais, shláinte an duine agus na hoibre sóisialta (%)

De réir mar a thagann an t-aistriú digiteach agus an t-aistriú glas chun cinn, cruthaítear tuilleadh post nua, rud a éilíonn athsciliú agus uas-sciliú araon chun freastal ar éilimh nua atá ag teacht chun cinn sa mhargadh saothair. Níl mná chomh páirteach ann agus a d’fhéadfaidís a bheith. Tá mná ag breith suas le héilimh phoist in earnálacha na teicneolaíochta eolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (STEM) de réir a chéile, ach tá sciar na bhfear i ngairmeacha oideachais, sláinte agus leasa (EHW) ina stad. Ní hamháin go gcuirfidh an t-aistriú glas leis an éileamh atá ar scileanna STEM, ach cruthóidh sé éilimh nua freisin in earnáil an chúraim ina bhfuil ganntanas lucht saothair le brath.

I bhFad ón Sprioc?

Léirítear in Innéacs Comhionannais Inscne na bliana seo gur féidir dul chun cinn a bhaint amach, ach go bhfuil an dul chun cinn sin fós éagobhsaí i gcás nach dtacaítear leis le gníomhaíochtaí i ngach réimse den saol sna Ballstáit uile. Níl an obair curtha i gcrích go fóill. Ní mór dúinn coinneáil orainn. Caithfear dearcadh trasnach a bheith againn chun an ceann scríbe a bhaint amach, go háirithe ó thaobh an athraithe aeráide de – ar réimse den saol é ina mbraitear difríochtaí inscne i measc daoine aonair agus grúpaí éagsúla araon. Eascraíonn athruithe as eolas.

Léigh tuilleadh faoin Innéacs Comhionannais Inscne anseo. [nasc: https://eige.europa.eu/gender-equality-index]

Léigh tuarascáil an Innéacs Comhionannais Inscne 2023 anseo [nasc:https://eige.europa.eu/publications-resources/publications/gender-equality-index-2023-towards-green-transition-transport-and-energy ]

Léigh tuilleadh anseo faoin bhfócas atá ag EIGE ar #3StepsForward a ghlacadh ar mhaithe le hEoraip ghlas atá cothrom ó thaobh inscne de.
[https://eige.europa.eu/newsroom/green-deal-and-gender-equality]

Faigh rochtain ar phróifílí tíre anseo [nasc:
[https://eige.europa.eu/sites/default/files/2023countryfactsheets.zip]